# Taispeántas Ealaíne

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Cruth agus Spás - cruthanna 2T<br>Uimhreas - patrúin agus gaolta<br>*Naisc Thraschuraclaim - Teanga agus Litearthacht, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • patrúin a lorg agus labhairt orthu<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid<br>• teanga chuí mhatamaiticiúil a úsáid le ceisteanna a fhreagairt faoina gcuid oibre |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | cearnóg, ciorcal, triantán, dronuilleog, rothlú, slios, díreach, cuartha/cuar, uilinn, coirnéal, dearg, gorm, buí, glas, corcra, oráiste, barr, bun, in aice le, clé, deis, os cionn, os comhair, tiontaigh, cas |
| **Áiseanna** | cruthanna gumaithe 2T, cruthanna páipéar, cruthanna greanpháipéir, cruthanna spúinse, péint, cairtchlár, gliú, siosúr, Uirlis Sórtála Mol Mata |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Tugtar triantáin de dhathanna difriúla do na daltaí agus iarrtar orthu patrún a chruthú. Úsáid réimse de thriantáin agus spreag na daltaí cuid de na triantáin a rothlú. Taispeánann na daltaí a bpatrún dá gcomhscoláire agus cuireann siad síos orthu. Malartaíonn na daltaí na patrúin agus cóipeálann siad an patrún a tugadh dóibh. Ansin, déanann an bheirt acu cur síos ar an dá phíosa oibre don rang.

### 2 Gníomhaíocht 2

Athdhéan Gníomhaíocht 1 le cearnóga, dronuilleoga agus ciorcail de dhathanna agus de mhéideanna difriúla. Úsáidfidh na daltaí an Uirlis Sórtála Mol Mata le patrúin a rinne siad a thaispeáint.

### 3 Gníomhaíocht 3

Plé ranga ar thréithe gach crutha. Nuair a bheidh a fhios ag an mhúinteoir go mbeidh siad ábalta idirdhealú a dhéanamh idir na cruthanna thig leo colláis de chruthanna, de dhathanna agus de mhéideanna difriúla a chruthú.

### 4 Gníomhaíocht 4

Gan colláis ó Ghníomhaíocht 3 a thaispeáint d'aon duine, tugann na daltaí treoracha dá gcomhscoláire le cóip den cholláis a chruthú. Cuireann na daltaí an cholláis bhunaidh i gcomparáid leis an chóip.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cá mhéad triantán/cearnóg/dronuilleog/ciorcal a d'úsáid tú?<br>• Ar rothlaigh tú cruthanna ar bith?<br>• Cá mhéad slios/coirnéal atá ar thriantán/cearnóg/dronuilleog/ciorcal?<br>• Cad iad na difríochtaí maidir le do chruthanna? | • Déan cur síos ar an tsaothar ealaíne is fearr leat. Cad chuige a dtaitníonn sé leat?<br>• Inis dom cad chuige ar roghnaigh tú na cruthanna seo.<br>• Dá n-iarrfaí ort patrún nua a dhéanamh, cad é mar a dhéanfá níos casta é? Cad chuige?<br>• An bhfuil teaglaim eile de chruthanna a thig leat a úsáid le do chnolláis dheireanach a dhéanamh?<br>• An dtig leat patrúin ar bith eile a dhéanamh ag úsáid na gcruthanna atá agat?<br>• Agus dhá chineál crutha in úsáid agat, cá mhéad patrún a thig leat a dhéanamh? (Tá cead agat cruthanna a chasadh más mian leat). |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.